Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2023
(OR. en)

9856/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0149(NLE)

PECHE 211

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais,**
**agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail**
**maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh**
**idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt,**
**agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Iúil 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 893/2007[1] maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile ('an Comhaontú').

(2) Leagtar amach sa chéad Phrótacal[2] a ghabhann leis an gComhaontú, ar feadh tréimhse 6 bliana, na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta Chireabaití agus an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas. Chuaigh tréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail sin in éag an 15 Meán Fómhair 2012.

(3) Leagtar amach sa dara Prótacal[3] a ghabhann leis an gComhaontú, ar feadh tréimhse 3 bliana, na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta Chireabaití agus an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas. Chuaigh tréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail sin in éag an 15 Meán Fómhair 2015.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 893/2007 ón gComhairle an 23 Iúil 2007 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (IO L 205, 7.8.2007, lch. 1).

[2] Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chireabaití ar feadh na tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2006 go dtí an 15 Meán Fómhair 2012 (IO L 205, 7.8.2007, lch. 8).

[3] Cinneadh 2012/669/AE ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2012 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (IO L 300, 30.10.2012, lch. 2).

(4) An 26 Eanáir 2015, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cireabaití chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú a chur chun feidhme[1]. An 18 Nollaig 2022, tugadh an chaibidlíocht sin i gcrích agus cuireadh inisealacha le Prótacal nua chun an Comhaontú a chur chun feidhme ('an Prótacal') ar feadh tréimhse 5 bliana (2023-2028).

(5) Is é is cuspóir don Phrótacal an Comhaontú a chur chun feidhme chun deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chireabaití agus chun é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Chireabaití oibriú níos dlúithe chun an comhar a chur chun cinn i réimsí fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, an bheartais iascaigh agus an gheilleagair ghoirm, agus rannchuidiú an tráth céanna le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(6) Leis an bPrótacal, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chireabaití, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus i ndiaidh na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta a ghlac an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir.

(7) Ba cheart an Prótacal a shíniú.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle an 26 Eanáir 2015 lena n-údaraítear an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun an Prótacal a athnuachan lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile.

(8) Ba cheart an Prótacal a chur chun feidhme a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais in uiscí Chireabaití agus an ghá atá ann an tréimhse sular féidir na gníomhaíochtaí sin a atosú a íoslaghdú a oiread is féidir. Ba cheart, dá bhrí sin, an Prótacal a chur i bhfeidhm go sealadach tráth a shínithe agus ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm tráth a ghlactha.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug an Maoirseoir tuairim an 19 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) ('an Prótacal') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Prótacal sin a thabhairt i gcrích[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 22 den Phrótacal, ó dháta a shínithe, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

---

[1] Foilsítear téac6sanna an Phrótacail in IO L …

[+] IO: Comhlánaigh an fonóta, le do thoil, agus an tagairt d'fhoilsiú an Phrótacail atá i ndoiciméad ST 9890/23.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*